

Eleathanach305

Dé Luain 12 Samhain 2018

Ócáidí ar siúl chun an Chéad Chogadh Domhanda a chomóradh

Dé Domhnaigh bhí ócáidí ar siúl ar fud an domhain agus daoine ag cuimhneamh ar an lá a chríochnaigh an Chéad Chogadh Domhanda. Mhair an Chéad Chogadh Domhanda ó 1914 go 1918 agus tháinig deireadh leis an gcogadh ar an 11 Samhain ag 11 ar maidin.

Sa chogadh sin fuair níos mó ná 16 mhiliún duine bás idir shaighdiúirí agus shibhialtaigh. Gach bliain bíonn ócáidí ann chun an lá sin a chomóradh ach i mbliana toisc gur chríochnaigh an cogadh céad bliain ó shin bhí níos mó imeachtaí ar siúl.

D'fhreastail Donald Trump, Uachtarán Mheiriceá, ar chomóradh ag an *Arc de Triomphe* i bPáras. Labhair Uachtarán na Fraince, Emmanuel Macron, ag an ócáid seo.

D'fhreastail Mícheál D. Ó hUiginn ar ócáid i Reilig Ghlas Naíon. Chríochnaigh a chéad téarma mar uachtarán ag meán oíche Dé Sathairn, agus mar sin, ní raibh sé ina uachtarán ag an ócáid sin.

Bhí ócáid eile ann tráthnóna Dé Domhnaigh chun tús a chur lena dhara téarma mar uachtarán. Chiollaigh sin nach raibh aon uachtarán ar an tír ar feadh tamaill Dé Domhnaigh!



Trí smugairle róin



An zú lán le soilse!

Tá soilse ar fud na háite sa zú i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Tá ócáid speisialta ar siúl idir seo agus an 6 Eanáir um thráthnóna gach Déardaoin, Aoine, Satharn agus Domhnach.

Chomh maith leis na hainmhithe atá sa zú, tá soilse speisialta acu chun radhairc a chruthú. Is í an fharraige mhór an téama atá acu i mbliana agus tá neart ainmhithe agus iasc le feiceáil sna soilse. Tá na smugairlí róin ann agus capaill mhara freisin.

Ar ndóigh is gá na ticéid a fháil roimh ré agus tá gach eolas ar an suíomh www.dublinozoo.ie/wildlights/.

Seachtain Eolaíochta 2018: 11-18 Samhain

Tá Seachtain Eolaíochta 2017 ar siúl an tseachtain seo. Beidh ócáidí ar siúl ar fud na tíre. I mbliana beidh 12 fhéile áitiúil ar fud na tíre.

Is féidir eolas faoi na hócáidí seo agus na féilte seo a fháil ar an suíomh www.sfi.ie agus ar *Twitter* leis an haisclib #scienceweek

Beidh páistí ar fud na tíre ag déanamh turgnamh ar scoil mar chuid de Sheachtain Eolaíochta.

Tá an iris eolaíochta *Eureka* lán le smaointe agus gníomhaíochtaí eolaíochta agus tá sé ar fáil i nGaeilge ag: <http://www.cogg.ie/eureka/>



ag déanamh turgnaimh